C/2025/2481

6.5.2025

Foilsiú iarratais ar chealú, a fuarthas roimh an 13 Bealtaine 2024, de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí i gcomhar le hAirteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe

(C/2025/2481)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR CHEALÚ

Iarratas ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 54(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

‘Aceite de la Comunitat Valenciana’

Uimh. AE: PDO-ES-0720-CANCEL — 20.2.2024

ATFC (x) TGFC ( ) STR ( )

1. **An tAinm cláraithe atá beartaithe lena chealú**

   Aceite de la Comunitat Valenciana

2. **Ballstát nó tríú tír**

   an Spáinn

3. **Cineál an táirge (mar atá in iarscríbhinn xi)**

   Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

4. **An duine nó an comhlacht a bhFuil iarratas ar chealú á dhéanamh aige**

   Asociación para la promoción de la D.O.P. Aceite de la Comunitat Valenciana
   [Comhlachas chun ATFC ‘Aceite de la Comunitat Valenciana’ a chur chun cinn]
   C/Sagunto, 39
   12400 Segorbe (Castellón)
   ESPAÑA

   Teil. +34 964713812

   info@aceitevalencia.com

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

5. **An cinéal cealaithe agus cúiseanna gaolmhara**

☐ I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 54 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

☐ Pointe (a)

☐ Pointe (b)

☒ I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 54 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Tuigtear ón tsonraíocht táirge nach féidir an ATFC a leathnú chun olaí cineáil aonair a chumhdach. I bhfianaise an tsriain sin, agus na ndifríochtaí orgánaileipteacha idir cineálacha dúchasacha ológ a fhástar i gComhphobal Valencia, is deacair an tsonraíocht táirge a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is deacair olaí faoi chosaint a bheith incháilithe i gcónaí. Níor cuireadh an táirge ar an margadh ó bunaíodh an t-ainmniúchán tionscnaimh.